

Cúrsaí Spóirt

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar chúrsaí spóirt, sacar, rugbaí, agus dornálaíocht.

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

An bhfuil suim ar bith agaibh sa spórt?

An imríonn sibh aon cheann de na cluichí seo?

Cén tábhacht a bhaineann le spórt?

Ceist 2 Gan féachaint ar an tuairisc go fóill, déanaigí iarracht na téarmaí

Gaeilge a aimsiú do na téarmaí seo a leanas:

1. Published _____

2. Certified _____

3. It appears that _____

4. Lame _____

5. Hamstring _____

6. On duty _____

7. Torn _____

8. Management _____

9. Scan _____

10. Obscurity _____

11. The Far East _____

12. Offering _____

13. Earned _____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí.

Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú libh.

Ceist 4 Cloistear 'In aghaidh na Slóvaice' agus 'os comhair an chúil' sa sliocht.

Cén ghné den ghramadach atá i gceist anseo?

Bain triail astu seo a leanas:

1. Muintir (An Ghearmáin)
2. Pobal (An Iodáil)
3. Gaidhlig (Alba)
4. Foireann (Éire)
5. Teanga (an Eilvéis)
6. Poblacht (an tSlóvaic)
7. Poblacht (an Chasacstáin)
8. Daonra (Meiriceá)

Ceist 5 Cloistear dhá nath cainte sa sliocht:

An lámh in uachtar

Thar mholadh beirte

An dtuigeann tú gach ceann de na leaganacha seo a leanas?

1. Dá mbeadh breith ar m'aiféala agam
2. Dhéanfadh sé nead i do chluas
3. Bhí nimh uirthi
4. Bíonn giob geab aici
5. Níl oiread áiméan ann
6. Ní raibh dé ná deatach ort le fada

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil an iomarca airgid ag baint leis an spórt, go háirithe an sacar i Sasana?

An spórt í an dornálaíocht, dar leat?

Cad é do thuairim den amhrán 'Ireland's Call' sa rugbaí agus ar cheart é a úsáid in áit "Amhrán na bhFiann"?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 larr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

1. Published: Foilsíodh
2. Certified: Deimhnithe
3. It appears that: Dealraíonn sé
4. Lame: bacach
5. Hamstring: teannán na hioscaide
6. On duty: ar dualgas
7. Torn: stróicthe
8. Management: Bainistíocht
9. Scan: scanadh
10. Obscurity: doiléire
11. The Far-East: An Cianoirthear
12. Offering: ag tairiscint
13. Earned: saothraithe

Ceist 3 Caithfidh na foghlaimeoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhar na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid lena chéile.

Ceist 4 An Tuiseal Ginideach Uatha atá i gceist

1. Muintir na Gearmáine
2. Pobal na hIodáile
3. Gaidhlig na hAlban
4. Foireann na hÉireann
5. Teanga na hEilvéise
6. Poblacht na Slóvaice
7. Poblacht na Casacstáine
8. Daonra Mheiriceá

Ceist 5

1. Dá mbeadh breith ar m'aiféala agam: Dá mbeadh an rogha arís agam.
2. Dhéanfadh sé nead i do chluas: Tá sé chomh glic le madra rua.
3. Bhí nimh uirthi: Bhí sí ar buile.
4. Bíonn giob geab aici: Bíonn an iomarca le rá aici.
5. Níl oiread áiméan ann: Tá fíorbheagán ann.
6. Ní raibh dé ná deatach ort le fada: Ní fhaca mé le fada tú.

Ceist 6
ann.

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am

Éimear Ní Chonaola

Tá sé in am anois do scéalta spóirt an lae agus foireann sacair na hÉireann ag fáil faoi réir don chluiche amárach, a Mhaolra,

Maolra Mac Donncha

Tá, a Eimear, agus faraoir tá tuilleadh cainte ar ghortaithe. Tá an painéal tar éis¹ a bheith ag traenáil i gcathair Zilina tráthnóna agus iad á² n-ullmhú féin³ don chluiche san oíche amárach in aghaidh na Slóvaice. Bhí foireann le bheith foilsithe faoin tráth seo ag Giovanni Trapattoni don chluiche cáilithe do Chraobh na hEorpa 2012. Tá Kevin Doyle, ar ndóigh, gortaithe. Shane Long, tá sé deimhnithe ag Trapattoni agus isteach ina áit le dul⁴ i bpáirt ag Robbie Keane os comhair an chúil ach dealraíonn sé nach bhfuil Liam Lawrence é féin⁵ thar mholadh beirte. D'fhéadfadh sé, mar sin, gurb é Keith Fahey a imreoidh anois. Beidh a fhios⁶ cén foireann a bheidh ag dul chun páirce, tá súil againn, roimh leathuair tar éis a seacht tráthnóna amárach.

Sa rugbaí, dealraíonn sé nach bhfuil réalt na hÉireann Brian O'Driscoll gortaithe ródhona tar éis dó teacht⁷ den pháirc bacach Dé Sathairn. Ceapadh ar dtús gurb é teannán a ioscaide a bhí stróicthe arís ag O'Driscoll sa chluiche⁸ a bhí ag Cúige Laighean in aghaidh Racing Metro. Síleadh arú inné gur beag an seans a bhí ann go mbeadh sé ar dualgas in aghaidh Saracens arís i gcorn Heineken an deireadh seachtaine seo chugainn i Wembley. Tar éis⁹ scanadh inniu, is cosúil nach bhfuil an gortú chomh dona. Déanfar cinneadh, a deir bainistíocht Chúige Laighean, amach sa tseachtain.

I Sasana is amárach a éistfean an cás cúirte a réiteoidh cé hiad na húinéirí ar chlub sacair Liverpool. Ag Royal Bank of Scotland atá an lámh in uachtar ar na Meiriceánaigh Tom Hicks agus George Gillette. Ba chóir go mbronnfadh an chúirt an deis ar Mheiriceánach eile John Henry, an fear ar ndóigh ar leis na Redsocks i mBostún, ach le

¹ Théis a deirtear

² dhá n-ullmhú atá sa chaint

³ fhéin a deirtear

⁴ le dhul deirtear

⁵ é fhéin deirtear

⁶ Beidh is deirtear

⁷ théis dhó tíocht a deirtear

⁸ sa gcluiche deirtear

⁹ théis deirtear

cur leis an doiléire, tá an BBC anois ag tuairisciú go bhfuil fear eile gnóithe, fear as Singapore fós sa rás¹⁰. Deir an BBC go bhfuil billiúnaí as an gCianoirthear, fear darb ainm Peter Lim tar éis teacht¹¹ chun cinn, agus é ag tairiscint níos mó ná an trí chéad milliún atá tairgthe ag fear an bhaseball.

Agus ar deireadh, scéal atá cinnte, sin go bhfuil bonn airgid ar a laghad saothraithe ag an gcúigear dornálaí as tuaisceart Éireann atá san iomaíocht ag cluichí an Commonwealth in India. Beidh troid Dé Céadaoin ar mhaithe le bonn óir ag Paddy Barnes, ag Thomas McCarthy, ag Paddy Gallagher, ag Eamonn O'Kane agus ag Steven Ward.

Agus sin iad a chairde, scéalta spóirt an lae inniu. Eimear.

Go raibh míle maith agat as ucht sin, a Mhaolra.

¹⁰ Níl gá leis an nginideach uatha anseo

¹¹ théis a thíocht chun cinn